



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge  
Waterford City & County Council

# CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá ón Méara	4
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	5
Ag Freagairt do Covid-19	6
Ag tacú le gnólachtaí le linn Covid-19	7
Eolas faoin gComhairle	8
Na Príomhlimistéir Seirbhíse	9
Cruinnithe na Comhairle	10
Coistí Polasaithe Straitéiseacha (CPS)	10-11
Dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach 2019-2024	12-17
2021 i nGrianghraif	18
Aguisíní	19-28




## Ár Misean

**Beidh Port Láirge, atá ina Príomhchathair san Oirdheisceart ina áit bhríomhar inbhuanaithe dá muintir go léir a chónaíonn, a oibríonn nó a thugann cuairt ar an áit, nó dóibh siúd a dhéanann infheistíocht anseo**

## Ár bhFís

- Go mbeidh Port Láirge uailmhianach, forásach agus nasctha. Áit a mbaineann ár ndaoine go léir taitneamh as an saol, agus folláine an duine agus deiseanna ina chroílár
- Go mbeidh teacht ag muintir Phort Láirge ar údarás áitiúil atá freagrach, gairmiúil agus atá dírithe ar dhaoine agus atá ceangailte ar leibhéal straitéiseach leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne
- Go mbeidh Port Láirge agus an tOirdheisceart i suíomh oiriúnach chun ceannaireacht a dhéanamh maidir le forbairt gnó, fás eacnamaíoch agus barr feabhais oideachais
- Go dtabharfaidh Port Láirge cáilíocht saoil uathúil do chách agus go mbeidh áiseanna den scoth agus tírdhreach nádúrtha agus radharcra gan mhilleadh. Is ceann scríbe aitheanta turasóireachta í a thugann ómós dá oidhreacht chultúrtha agus stairiúil mar an Chathair is sine in Éirinn



# Réamhrá ón Méara

Mar Mhéara ar Chathair agus Chontae Phort Láirge, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 seo a chur i láthair, mar creidim go dtugann sé léiriú ar gach gné a fhágann gur áit iontach í Port Láirge le bheith i do chónaí ann, le hoibriú ann, le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le gnó a dhéanamh ann.

D'oibrigh muintir Phort Láirge, foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an eanáil reachtúil, an eanáil chultúrtha, an eanáil phoiblí agus an eanáil dheonach agus na hionadaithe tofa go léir le chéile arís in 2021 ar bhealach fíor-chomhoibritheach i mbliain eis-ceachtúil, ar chúiseanna éagsúla. Lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar sheirbhís den scoth a chur ar fáil agus lean sí ar aghaidh a bheith i mbun obair nuálach mar fhreagra ar na dúshláin iomadúla a bhí roimh an tsochaí.

Ba mhaith liom, go háirithe, obair na hOifige Fiontair Áitiúil agus foireann na Comhairle maidir le riaradh deontas agus tacaíochtaí do ghnólachtaí i mbliain an-deacair mar gheall ar shrianta Covid-19 a mholadh. Is cúis áthais dom a fheiceáil go raibh go leor de na seirbhísí ríthábhachtacha agus riachtanacha fós ar fáil ar líne agus ar bhonn

fíorúil ainneoin ár ndoirse tosaigh a bheith dúnta.

Mar Mhéara ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, d'oibrigh mé le mo chomhghleacaithe tofa agus le feidhmeannach na Comhairle chun a chinntiú gur coinníodh ár gcruinnithe agus mhéadaíomar trédhearacht ár gcruinnithe trí na cruinnithe a reáchtáil ar líne trí YouTube, rud a thug rochtain don phobal ar thuiscint a fháil ar ár bhfeidhm cinnteoireachta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Michael Walsh, Príomhfeidhmeannach agus a Fhoireann Bainistíochta, le foireann uile Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le mo chomhchomhairleoirí agus le comhaltaí an Oireachtais as a bheith ag obair i rith na bliana deacra seo. Leanann Port Láirge de bheith ina áit ina bhfuil daoine láidre, athléimneacha agus comhtháite ann agus táim ag tnúth le todhchaí níos gile a bheith againn in 2022 agus sna blianta atá le teacht.



**Cllr. Joe Kelly**

Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge

**“Lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar sheirbhís den scoth a chur ar fáil agus lean sí ar aghaidh a bheith i mbun obair nuálach mar fhreagra ar na dúshláin iomadúla a bhí roimh an tsochaí”**

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Agus mé ag déanamh machnaimh ar an mbliain 2021, is ábhar misnigh an athléimneacht chomhchoiteann a léirigh muintir Chathair agus Contae Phort Láirge a fheiceáil, i mbliain inar leanamar orainn ag tabhairt aghaidh ar an éiginnteacht a bhí ag cur isteach ar ár saol laethúil.

**Lean Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag forbairt in 2021 chun freastal ar éilimh athraitheacha ár n-úsáideoirí seirbhíse, áit ar chuireamar béim níos mó fós ar leibhéal seirbhíse do chustaiméirí a chothú.**

Tá sláinte agus folláine ár saoránach agus ár bhfoirne thar a bheith tábhachtach dár n-eagraíocht agus chuamar i mbun líon mór tionscadal caipitil le fócas ar leith ar fhorbairt agus le háiseanna fóillíochta ar fud an chontae a chothú, mar Shiúlbhealach na Siúire, Síneadh Fraochán Rian Glas na nDéise, agus an raon Foghlama Rothaíochta i nDún Garbhán, agus Droichead Iompair Inbhuanaithe na Siúire atá beartaithe. Sheolamar freisin an branda ‘Port Láirge - Aimsigh do Thodhchaí’ in 2021, a fhéachann le hinfheistíocht isteach a mhealladh chuig an réigiún, agus le

Port Láirge a chur chun cinn mar áit tharraingteach le maireachtáil agus le hoibriú ann. Táim ag tnúth le leanúint leis an bhfeachtas bolscaireachta seo in 2022 agus le geilleagar Phort Láirge a fheabhsú trí phoist, gnólachtaí nuathionscanta agus breis gníomhaíochta eacnamaíochta a chothú.

Leanann an clár oibre ‘glas’ de bheith ar thús cadhnaíochta do Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, agus chuige sin, d’fhógair muid go raibh sé ar intinn againn a bheith mar an chéad Chathair Dhícharbónaithe in Éirinn.

Bhuaigh Port Láirge an teideal ‘Ireland’s Best Place to Live’ in 2021 freisin, agus táim bródúil as. Léiríonn an teideal seo a bhfuil aithne againn i bPort Láirge le blianta fada. Táim ag tnúth le dul i dteagmháil leis an bpobal, le m’fhoireann bainistíochta agus go deimhin le foireann na heagraíochta ar na tionscnaimh inbhuanaitheachta atá beartaithe, agus táim ar bís leis an ionchas go mbeidh Cathair & Contae Phort Láirge ina áit inbhuanaithe le maireachtáil, le hoibriú, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann.



**An tUasal Michael Walsh**

Príomhfheidhmeannach Chathair agus Contae Phort Láirge

**“Leanann an clár oibre ‘glas’ de bheith ar thús cadhnaíochta do Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, agus chuige sin, d’fhógair muid go raibh sé ar intinn againn a bheith mar an chéad Chathair Dhícharbónaithe in Éirinn”**

# Ag Freagairt do Covid-19

Bhí 2021 ina dhúshlán do mhuintir Chathair & Chontae Phort Láirge. Mar eagraíocht, chuireamar níos mó béime ar ár leibhéil seirbhíse a choinneáil mar iarracht le freastal a dhéanamh ar mhuintir Phort Láirge in ainneoin srianta Covid-19. Leanadh de chruinnithe na Comhairle a reáchtáil go cianda, agus rinneadh iad a chraoladh beo ar líne don phobal. D'oibrigh foireann na Comhairle agus foireann na hOifige Fiontair Áitiúil araon go dian dícheallach chun tacaíochtaí Covid-19 a eisiúint do ghnóthaí.

Cé go raibh ár gcuntair phoiblí dúnta don phobal, d'fhreagair ár bhfoireann seirbhíse custaiméara 110,979 glaoch i mbliana, ag cabhrú le faisnéis, comhairle agus íocaíochtaí a phróiseáil.

Chuir an Chomhairle tús freisin le raon gníomhaíochtaí agus acmhainní a thairiscint mar chuid de thionscnamh nua 'Coinnigh go Maith', a sheol an Taoiseach Michael Martin an 29 Deireadh Fómhair 2020. Rinne an scéim 'Coinnigh Folláin' tógáil ar an bhfeachtas "In This Together" a tharla níos luaithe in 2020. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas cabhrú le gach duine in Éirinn fanacht ceangailte, fanacht gníomhach, agus aire a thabhairt dá meabhairshláinte le linn na paindéime Covid-19.

Bhí sé mar aidhm ag 'Coinnigh Folláin' a thaispeáint do dhaoine de gach aois conas a d'fhéadfadh siad a sláinte agus a bhfolláine coirp agus meabhrach a chur chun cinn trí nósanna sláintiúla cabhracha a chur le gnáthaimh laethúla agus seachtainiúla. Sholáthair sé treoirilnte, eolas, agus leideanna maidir le conas plean a dhéanamh chun rudaí a dhéanamh atá go maith dúinn gach lá.

Faoin gClár 'Coinnigh Folláin' cuireadh múnla meantóireachta litríochta ar líne ar fáil. Bhí an t-éileamh chomh mór sin gur lean Oifig na nEalaíon ag infheistiú inti thar an bhfráma ama tosaigh agus bhain croíghrúpa de dheichniúr ardscribhneoirí leas as an tacaíocht seo i rith na bliana. D'éirigh linn trí thionscadail chomhpháirtíochta ár n-acmhainní a uasmhéadú agus chuir siad seo eispéiris ealaíon ardchaighdeán ar fáil don phobal; leithéidí Platform 21 agus Creation 21/22 a thacaigh le healaíontóir ó gach réimse obair a dhéanamh ar shaothar ar leith agus líonra tacaíochta náisiúnta a bheith timpeall air sin.

Lean Leabharlanna Phort Láirge ag tairiscint raon mór seirbhíse ar líne freisin, ag cur seirbhíse luachmhar ar fáil do gach úsáideoir le linn na dianghlása. D'oibrigh an Chomhairle go dian freisin chun a chinntiú gur coinníodh áiseanna

poiblí ar ardchaighdeán in 2021, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe shuntasach a tháinig ar líon na ndaoine a bhain leas as spásanna poiblí in 2021. D'fhan ár bpáirceanna agus ár spásanna oscailte go léir ar oscailt i rith na bliana. Tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí agus ar an úsáid de réir mar a bhain daoine leas as na háiseanna seo le linn thréimhse srianta Covid.

**Bhí Port Láirge rangaithe sa 11ú háit as 40 baile / cathair a ndearna an 'Irish Business Against Litter' suirbhé orthu, a thug faoi deara go raibh Port Láirge rangaithe go hard i gcónaí, agus go bhfuil feabhas curtha ar áiteanna nach raibh scór ard faighte acu roimhe seo.**

Bhí an Roinn Pobail chun tosaigh maidir le freagairt na Comhairle ar an bpaindéim Covid-19 le linn 2020 & 2021. Bhí baint iomlán ag an bhfoireann le ceannaireacht a dhéanamh maidir le freagraí, e.g. tuairisc mhaoirseachta chuig an líne chabhrach Glao Pobail; rannpháirtíocht ghníomhach i soláthar pacáí cúraim dóibh siúd atá i ngátar; tacú leis an bhFóram Freagartha Pobail; scéimeanna deontas a eagrú chun tionchar Covid ar dhaoine aonair agus ar

phobail a mhaolú; ag tacú le tionscnamh Phort Láirge Sláintiúla chun freagraí Covid-19 a chur chun cinn agus chun tosaigh ar na tionscnamh Ag Fanacht i gCeangail agus Bí ar Shláinte. In ainneoin na paindéime, rinne Comhairle Daoine Scothaosta Phort Láirge go leor oibre in 2021, lena n-áirítear go leor tacaíochta do dhaoine scothaosta chun tionchar Covid-19 a laghdú. Tagann ballraíocht Chomhaontas Daoine Breacaosta Phort Láirge ó go leor eagraíochtaí poiblí agus neamhphoiblí lena n-áirítear an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, Nasc Áitiúil, Dungarvan Care of the Age, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, an FSS, Gardaí agus BOO Phort Láirge/Loch Garman. Déanfar an chéad Straitéis eile a chlédaíonn 2023-2027 a chur ar fáil le linn 2022.



# Ag tacú le gnólachtaí le linn Covid-19

W Bhí baint mhór ag Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge (OFÁ) le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla in 2021, mar atá déanta acu le blianta fada. Mar sin féin, bhí éileamh gan fasach ar a gcuid seirbhísí in 2021, i bhfianaise an tionchair a bhí ag an bpaindéim ar ghnó. In 2021, chabhraigh dearbháin Trádála Ar Líne a chur ar fáil do ghnólachtaí leo trádáil ar líne le linn an dianghlasála chun suíomhanna gréasáin a leathnú chun gné ríomhthráchtála a chur leis. Ina theannta sin, chuir OFÁ Phort Láirge tacaíochtaí substaintiúla maoinithe ar fáil do na céadta gnólacht beag eile ar fud na Cathrach agus an Chontae le cláir mar an ‘Lean for Micro’ agus ‘Green for Micro’ chomh maith le hoiliúint agus meantóireacht a sholáthar.

Ina theannta sin, riar Rannóg Forbartha Eacnamaíochta na Comhairle deontais tacaíochta airgeadais de bhreis is €950,000 ó Fháilte Éireann do ghnólachtaí le linn na paindéime, lena n-áirítear an Scéim um Bonneagar Uiscdhíonta agus Bia Lasmuigh na nÚdarás Áitiúil i nDún Garbhán agus i gCathair Phort Láirge, agus scéim Suíocháin agus Gabhálaís Allamuigh Fáilte Éireann, a chuidigh le 145 gnó ar fud na Cathrach agus an Chontae. Thug Mol Tacaíochta Gnó tiomnaithe ar líne na Comhairle mionsonraí ar na tionscnaimh

a riarann an t-údarás áitiúil agus daoine eile agus chuimsigh sé eolas faoi scéimeanna ar nós Tarscaoiltí Rátaí Tráchtála, Scéimeanna Iarchurtha Cánach agus an Scéim Tacaíochta Srianata Covid.

**Bhí sé mar aidhm ag na tionscnaimh seo cabhrú le gnólachtaí teacht slán as an bpaindéim, rud a rachadh chun sochair úinéirí gnó i go leor tionscal éagsúil.**

Ina theannta sin, chuir Oifig Ealaíon na Comhairle isteach ar shruthanna maoinithe náisiúnta nua chun tacú le healaíontóirí, taibheoirí, teicneoirí, agus tionscnóirí imeachtaí agus d'éirigh leo faoin dá Scéim Chláraithe Beoghníomhaíochta Áitiúla. Reáchtáladh imeachtaí faoin aer i rith an tsamhraidh i roinnt áiteanna sa Chathair agus sa Chontae, ag críochnú le Damhsa Dóiteáin Geimhridh ar Ghrianstad an Gheimhridh i sé ionad ar fud an chontae le ceol, taibhiú agus tinte ealaíne.

Faoi Scéim ‘Faoin Spéir’ na Comhairle Ealaíon, tugadh tacaíocht do Spraoi Phort Láirge ina n-iarratas chun limistéar Mhargadh na nÚll i gcathair Phort Láirge a bheochan le suiteáil amharcealaíon agus

fuaimrian tionlacain i samhradh na bliana 2021, rud a d'fhostaigh líon suntasach daoine in earnáil na n-ealaíon.

Bunaíodh Tascfhórsa Téarnaimh Turasóireachta Phort Láirge i mí Iúil 2020 agus Brian O' Flynn ina chathaoirleach air, Ceann Stiúrtha Oirthear Ársa na hÉireann le páirtithe leasmhara lena n-áirítear Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Ionadaithe ó tionscail éagsúla.

Aithníodh sa phlean seo 5 thionscadal ghearrthéarmacha le haghaidh téarnamh turasóireachta i bPort Láirge le linn 2021. I mí Aibreáin agus Bealtaine 2021, reáchtáil Fáilte Éireann, trína Chlár Téarnaimh Turasóireachta Ceann Scríbe, sraith ceardlann a bhí dírithe ar raon tacaíochtaí

forbartha a sholáthar chun gnólachtaí a spreagadh chun smaoinreamh ar eispéiris teaghlaigh, oíche agus amuigh faoin aer a chruthú, chun cabhrú le gnólachtaí dul in oiriúint do ghnóthaí baile, do riachtanais tomhaltóirí & scileanna digiteacha a thógáil chun cabhrú leo díriú ar chustaiméirí nua in 2021 agus iad ag oibriú go sábháilte agus go héifeachtach agus a bheith inmharthana ó thaobh an airgeadais de.

**Seoladh Clár Tacaíochta Aisghabhála Turasóireachta Phort Láirge ar an 30 Márta agus bhí baint aige le 24 gnó i bPort Láirge, lena n-áirítear 11 gnó a bhí nua ag obair le Fáilte Éireann.**

D'éirigh leis an gclár seo maidir le dul i dteagmháil le raon gnólachtaí i bPort Láirge agus tháinig sé 29 taithí indíolta nua. Tháinig roinnt comhpháirtíochtaí agus deiseanna nua chun cinn chomh maith.

Scéim Suíocháin agus Gabhálaís Allamuigh

**Tarscaoiltí Rátaí Tráchtála**

Chlár Téarnaimh Turasóireachta Ceann Scríbe

Scéimeanna Iarchurtha Cánach

**Scéim Tacaíochta Srianata Covid**

**Green for Micro**

Scéim Chláraithe Beoghníomhaíochta Áitiúla

**Dearbháin Trádála Ar Lín**

# Eolas faoin gComhairle

Tháinig Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar an bhfód in 2014, tar éis cónascadh a rinneadh idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge. Tá Corcaigh, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann agus Loch Garman ar an teorainn le Contae Phort Láirge, agus is í Cathair Phort Láirge an Phríomhchathair agus an príomhthiománaí eacnamaíoch do réigiún Oirdheisceart na hÉireann, an 6ú réigiún is mó fáis san AE.

Tá daonra 116,176 sa chontae, ina chuimsítear daonra Chathair Phort Láirge ag 53,504. Tá os cionn 25,000 teach i bPort Láirge, agus de réir mar a mhéadóidh daonra an réigiúin go mór sna 20 bliain atá romhainn, tá baill & foireann Chomhairle Phort Láirge tiomanta do riar

ar riachtanais ár muintire agus Cathair agus Contae Phort Láirge le dul ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann ar scála idirnáisiúnta.

**Tá an Chomhairle comhdhéanta de 32 ionadaí tofa scaipthe thar sé thoghcheantar agus toghann na comhaltaí an Méara gach bliain.**

Mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh (GPC), déanann cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha (CPS) beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na coistí comhdhéanta de na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumann.





# Na Príomhlíomistéir Seirbhíse

Tá struchtúr bainistíochta Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge roinnte i 5 stiúrthóireacht, agus Stiúrthóir Seirbhísí i gceannas ar gach ceann díobh. Is é an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Michael Walsh, atá i gceannas ar an bhfoireann bhainistíochta.

## Forbairt & Pleanáil Eacnamaíoch

- Forbairt eacnamaíoch agus an contae a chur chun cinn mar áit le hinfeistíocht a dhéanamh inti
- Tacaíocht agus forbairt fiontraíochta
- Bainistíocht sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, an oifig ealaíon agus bonneagar cultúrtha
- Cur chun cinn an chontae agus forbairt turasóireachta

## Tithíocht, Seirbhísí Pobail agus Éigeandála

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí tithíochta, cothabháil agus athchóiriú
- Seirbhísí sóisialta, bainistíocht eastát agus forbairt pobail
- Tionscnaimh aois-chairdiúla agus cuimsiú sóisialta
- Clár spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine
- Clár forbartha áitiúla agus pobail
- Nascadh leis an bpobal trí Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)

## Corparáideach, Cultúr, Acmhainní Daonna agus SF

- Oibriú rathúil chruinnithe na Comhairle Cathrach agus Contae agus na SPCanna
- Fáiltithe sibhialta agus méara a eagrú
- Seirbhísí do Chustaiméirí
- Forlíonta ar Chlár na dTogthóirí a fhoilsiú
- Dréacht-Chlár na dTogthóirí, agus an leagan faoi eagarthóireacht de Chlár na dTogthóir
- Feidhmiú leanúnach Scéim na Gaeilge
- Acmhainní Daonna agus Oilíúint
- Seirbhísí Faisnéise

## Bóithre, Uisce agus Comhshaol

- Truailliú Aeir, Tránna, Salú Madraí
- Bruscar, Truailliú Torainn, Scoileanna agus Feasacht
- Páirceanna & spásanna oscailte
- Bóithre agus Páirceáil
- Seirbhísí Tréidliachta
- Bíúro Fuinnimh Phort Láirge
- Athrú Aeráide
- Bainistíocht Dramhaíola

## Airgeadas agus Bainistíocht Costas

- Bainistíocht ar acmhainní airgeadais na Comhairle
- Iasachtaí agus léasanna a éascú, agus infheistíocht cistí a rialú

- Deontais & fóirdheontais a riar faoi scéimeanna maoinithe éagsúla
- Ráitis airgeadais, buiséid agus ráitis a ullmhú, etc
- Rátaí tráchtála a riar, etc.



## Cruinnithe na Comhairle

Bhí 66 cruinniú den Chomhairle Iomlánach, Ceantar Uirbeach, Toghcheantar an Chomaraigh, Ceantar Dhún Garbhán-Leas Mór, Grúpa Polasaí Corparáideach (CPG) agus Coistí Ceantair comhdhéanta de:

- 11 chruinniú iomlánacha den Chomhairle
- 11 chruinniú den Chomhairle Cathrach
- 11 chruinniú de Chomhairle an Chomaraigh
- 12 chruinniú de Chomhairle Dhún Garbhán/Lios Mór
- 8 gCruinniú Speisialta den Chomhairle Cathrach & Contae
- 13 chruinniú den Ghrúpa um Beartas Corparáideach (lena n-áirítear 1 Chruinniú Buiséid)

Ina theannta sin, bhí:

- 24 cruinniú ar fud na gcúig Choiste um Beartais Straitéiseacha
- 5 Chruinniú den Choiste Iníúcháireachta
- 66 ceardlann do Chomhairleoirí



## Coistí Polasaithe Straitéiseacha (CPS)

### CPS Forbartha Eacnamaíochta & Fiontair

*Faoi chathaoirleacht an Cllr Pat Nugent*

Tháinig an CPS seo le chéile 5 huairé in 2021 chun beartais a mheas maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Fodhlíthe Corrthrádála
- Athbhreithniú ar an Scéim Dreasachta Rátaí
- Cur i láthair straitéis brandála agus margáíochta Phort Láirge 2040
- Beartas Maoinithe Féilte & Imeachtaí
- Plean Fiontair LEO Phort Láirge 2021
- Plean Forbartha d'Eispéireas Cuairteora Blasanna Áitiúla Phort Láirge
- Na Céanna Thuaidh/ Sráid Mhichíl
- Straitéis Eacnamaíochta Phort Láirge
- Ionaid uirbeacha a athoscailt
- Plean Fiontar Réigiúnach an Oirdheiscirt 2021 curtha i láthair ag Oifig Forbartha Oirdheisceart na hÉireann
- Monatóir Eacnamaíoch an Oirdheiscirt curtha i láthair ag Lónra an Oirdheiscirt do Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

### CPS Comhshaoil, Bithéagsúlachta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide

*Faoi chathaoirleacht an Cllr. Pat Fitzgerald*

Tháinig an CPS seo le chéile 5 huairé in 2021 chun beartais a mheas maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2021-2024
- Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2021-2024
- An Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide & Ísealcharbóin (Leasú), 2021
- Crios Dícharbónaithe - Cathair Phort Láirge
- Gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh
- Spriocanna um Laghdú Fuinnimh 2020
- Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise um Oiriúnú Aeráide 2019-2024
- Dréachtphlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inmharthana & Aeráide - Cúnant na Méaraí

# Coistí Polasaithe Straitéiseacha (CPS)

## CPS Tithíochta, Pobail, Cultúir, Dóiteáin, Spóirt & Áineasa

*Faoi chathaoirleacht an Cllr. Adam Wyse*

Tháinig an CPS seo le chéile 4 huairé in 2021 chun beartais a mheas maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Dréachtphlean na Ráithe Cultúrtha 2021-2025
- Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha
- Lámhleabhar Tionónta a fhorbairt
- Scéim ligin rogha-bhunaithe
- Deontais Phobail Phort Láirge
- Beartas maoinithe Féile & Imeachtaí
- Seirbhísí leabharlainne
- Tuarascáil ar dhul chun cinn na Scéime Deisiúcháin & Léasa
- Togra le haghaidh nuashonraithe beartais ar ról maoraithe WCCC/LCDC
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil.
- Deontais Phobail

## CPS Pleanála

*Faoi chathaoirleacht an Cllr. Thomas Phelan*

Tháinig an CPS seo le chéile 5 huairé in 2021 chun beartais a mheas maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta
- Sráidbhailte agus Pobail Tuaithe (PPN)
- Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch
- An Dréachtphlean Forbartha


- Straitéis Tithíochta, agus Measúnú ar Éileamh Tithíochta don Dréachtphlean Forbartha
- Próiseas comhairliúcháin an Dréachtphlean Forbartha, agus na moltaí a bhreathnaigh Oifig an Rialtóra Pleanála
- Aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe sa Dréachtphlean Forbartha
- Forbhreathnú ar Thuarascáil CR ar an Dréachtphlean Forbartha
- Seirbhísí a sholáthar do bhailte agus sráidbhailte tuaithe

## CPS Iompair & Infreastruchtúir

*Faoi chathaoirleacht an Cllr. Seamus O' Donnell*

Tháinig an CPS seo le chéile 5 huairé in 2021 chun beartais a mheas maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Scéim Rothar na Cathrach
- NTA Connecting Ireland
- Plean Iompair Uirbeach
- Cur i láthair ar Nasc Áitiúil
- Cur i láthair ar Thionscadail Taistil Gníomhach
- Fodhlíthe Cuan/Trá/Tithe Mótair/Veain Champála



# Dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach 2019 -2024

Sainithnítear sa Phlean Corparáideach 2020 - 2024 do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (WCCC) cúig aidhm chorparáideacha ardlleibhéil a bhfuil cuspóirí agus straitéisí comhfhreagracha ag gabháil leo. Tuairiscítear sa chaibidil seo an dul chun cinn atá déanta ar na cuspóirí agus na straitéisí sin faoi gach téama.

## ✓ Aidhm #1

**Port Láirge a bheith mar thiománaí eacnamaíoch do réigiún an Oirdheiscirt**

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta go bhfanfaidh Port Láirge mar phríomhchumasóir fáis trí thacú le seachadadh Thionscadal Éireann 2040. Chuige sin, sheol Rannóg Forbartha Eacnamaíochta na Comhairle an branda nua 'Port Láirge 2040 - Aimsigh do Thodhchaí' i mí Aibreáin. 2021, le tabhairt isteach suíomh Gréasáin nua agus bróisiúr a théann leis d'infheisteoirí ionchasacha. Is éard a bhí sa ghníomhaíocht seo ná chun feasacht a mhúscailt ar an mbranda 'Port Láirge - Aimsigh do Thodhchaí' trí thogra margaíochta digítí ach ullmhófar tairiscint mhargaíochta go luath in 2022 chun seirbhísí cuideachta margaíochta gairmiúla a fhostú.

Tharla an seoladh seo freisin ag an am céanna le seoladh Treochlár Dícharbónaithe Phort Láirge - a gheall go mbeidh Port Láirge ar an gcéad chathair dícharbónaithe in Éirinn. Tá doiciméad straitéise dícharbónaithe iomlán á forbairt ag Roinn Comhshaoil na Comhairle.

Idir an dá linn, tá bunú Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (TUSE) deimhnithe do mhí na Bealtaine 2022, rud a rachaidh go mór i dtreo Phort Láirge a chlaoclú go suíomh níos tarraingtí do FBManna, agus infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) trí eolas, taighde, oideachas, nuálaíocht agus comhoibriú idirnáisiúnta a chothú agus a fhorbairt. Tá cead pleanála a bhfuiltear ag súil leis le fada faighte ag Aerfort Phort Láirge chun síneadh a chur leis an rúidbhealach, a ligfidh dó freastal ar aerlínte tráchtála agus a fheabhsóidh inrochtaineacht réigiún Phort Láirge.

Agus an príomhchonradh tógála bronnta ar na Céanna Thuaidh, tá obair Bhoneagair le tosú in 2022 ar 1.3km de dhébhealach uirbigh agus uasghráduithe bóithre áitiúla i gceantar Phort an Chalaigh, stáisiún traenach nua, aomhal iompair agus oibreacha fearainn phoiblí, 207m ar fad, droichead coisithe, rothar agus iompair phoiblí trasna na Siúire, le réise oscailte

chun freastal ar thrácht abhann; agus Féarbhealach nua a sholáthar ó Dhroichead na Mainistreach a nascann leis an Rian Glas Thoir Theas ó Ros Mhic Thriúin atá á thógáil faoi láthair.

Chomh maith leis na príomhoibreacha conartha tá roinnt conarthaí cumasúcháin a bhaineann le forbairt na gCéanna Thuaidh. I measc na n-oibreacha atá críochnaithe cheana féin tá glanadh an fhásra ó aghaidh na haille ag stáisiún Pluincéid, atreorú seirbhísí agus scartáil roinnt réadmhaoine móra i gceantar Phort an Chalaigh.

Ag deireadh 2021, fógraíodh go raibh conarthaí bronnta le haghaidh síneadh Fhéarbhealach Phort Láirge ar Rian Glas na nDéise. Ceanglóidh an infheistíocht €6.8 milliún seo i Rian Glas Dhún Garbhán díreach isteach i Lár na Cathrach agus éascóidh sé an nasc le Rian Glas Ros Nua freisin, rud a neartóidh líonra na bhFéarbhealaí trasna Phort Láirge agus réigiún an Oirdheisceart.

## ✓ Aidhm #2

**Forbairt Chothrom Tuaithe agus Uirbeach**

Tá an Chomhairle tiomanta d'fhorbairt chothromaithe ar fud Chathair & Chontae Phort Láirge trí fhorbairt ár bpríomhionaid uirbeacha a spreagadh; Cathair Phort Láirge, an Trá Mhór & Dún Garbhán agus iad ag pleanáil don Dún Mór, Port Lách, Lios Mór, Tulach an Iarainn, Coill Mhic Thomáisín, An Phasáiste Thoir agus Ceapach Choinn le leanúint de bheith ina bpríomhthiománaithe d'fhás na tuaithe.

Is é an chéad chuspóir atá ag an gComhairle sa réimse seo ná ár bpríomhionaid uirbeacha a fhorbairt chun a chinntiú gur ionaid bheoga, dealáithreacha ad go léir, ina bhfuil miondíol, gnó agus cáilíocht na beatha chun tosaigh.

In 2021, rinne an Chomhairle iarratas ar bhreis agus €1.39m do Mhol Digiteach Trasfhoirmithe Dhún Garbhán, faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF). Soláthróidh an maoiniú seo áiseanna cianoibre i lár an bhaile do raon leathan frontar agus daoine ar fud an réigiúin, lena n-áirítear nascacht do

# Dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach 2019 -2024

chónaitheoirí tuaithe agus soláthróidh sé acmhainn do 190 duine a bheidh ag obair i lár bhaile Dhún Garbhán.

I mí an Mhárta 2021, d'éirigh le Cathair Phort Láirge leithdháileadh de €27,660,000 a fháil ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien do thionscadal uailmhianach athnuachana Lár na Cathrach. Cuirfidh an leithdháileadh maoinithe ar chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge infheistíocht shuntasach a thabhairt isteach i lár na Cathrach is sine in Éirinn agus cruthófar deiseanna do dhaoine maireachtáil, oibriú agus spraoi in áiteanna agus spásanna poiblí athshamlaithe éagsúla.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle tionchar na forbartha tuaithe a uasmhéadú trí leas a bhaint as maoiniú náisiúnta tríd an gclár LEADER i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, agus rochtain a fháil ar mhaoiniú rialtais láir/AE faoin gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe, faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus Áineas Allamuigh. Scéim Bonneagair, i measc nithe eile.

## ✓ Aidhm #3

### Cultúr Fáis a Chruthú

Is é cuspóir Phlean Corparáideach na Comhairle ná plean comhtháite a bheith ann d'fhorbairt inbhuanaithe réigiún

Phort Láirge sa todhchaí, don Cheantar Uirbeach atá le forbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, agus do ghníomhaireachtaí stáit chun a chinntiú go mbeidh ról sainaitheanta na Cathrach mar phríomhionad uirbeach. i réigiún an Oirdheiscirt a fheabhsú agus a thacú. Aithníonn an Chomhairle go dtiocfaidh forbairt ar réigiún an Oirdheiscirt trí Phort Láirge a chothú láidir a fheabhsóidh fás eacnamaíoch agus a chruthóidh deiseanna fostaíochta breisluacha. Chun tacú leis na cuspóirí seo, tá sé mar aidhm againn fás daonra inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an chontae trí ordlathas lonnaíochta soiléir a aithint chun tacú le beartas pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach glactha, chun na spriocanna do sholáthar tithíochta mar atá leagtha síos

in 'Atógáil Éireann' a sheachadadh agus tá sé mar aidhm acu dul thar na spriocanna sin agus chun tacú le tionscnaimh um fhiontar glas a chuideoidh leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin.

### Leabharlanna Phort Láirge

Is cuid ríthábhachtach de phobail iad Leabharlanna Phort Láirge, agus cé go raibh siad dúnta don phobal ar feadh cuid mhór de 2021, d'oibrigh an fhoireann lena chinntiú go bhféadfadh an pobal rochtain a fháil fós ar fhormhór na seirbhísí leabharlainne ar líne.



# Dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach 2019 -2024

## Turasóireacht, Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

Chun an tairiscint turasóireachta i gCathair & Contae Phort Láirge a fheabhsú, d'éirigh le foireann Turasóireachta na Comhairle lena n-iarratas ar mhaoiniú chun dhá ionad spóirt Uisce a chruthú ag an Trá Mhór agus san Aird Mhór ar breis agus €1.7m, chomh maith le breis agus €37,000 a fháil do thionscadail eile. Lean an fhoireann Turasóireachta freisin ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí eile ar nós Fáilte Éireann ar mhaoiniú féile, agus tionscadail eile, leis an sprioc iomlán chun tacú leis an earnáil turasóireachta agus chun turasóireacht inbhuanaithe a spreagadh.

D'oibrigh na ranna Forbartha Eacnamaíochta go dlúth leis an rialtas láir agus le Fáilte Éireann in 2021 chun tacaíocht a fháil do ghnólachtaí le linn na paindéime, lena n-áirítear Scéim Uirbeach Suíocháin agus Gabháilais Allamuigh de chuid Fáilte Éireann, agus Scéim Bonneagair Itheacháin Allamuigh na nÚdarás Áitiúil. Cabhróidh na deontais seo le gnólachtaí leanúint ar aghaidh ag trádáil agus d'fhéadfadh siad cabhrú lena n-ionchais fáis do na blianta atá le teacht.

Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag foireann Oifig Fiontar Áitiúil Phort Láirge (OFÁ)

maidir le cabhrú le gnólachtaí bogadh chuig trádáil ar líne i rith na bliana. Lean siad freisin ag cur acmhainní luachmhara ar fáil ar líne agus ar an nguthán le linn na dianghlása.

## An saol cultúrtha

I rith 2021, rinne an tSeirbhís Ealaíon maoirsiú ar chlár bríomhar ealaíon, a bhfuil roinnt gnéithe fós á gcur ar fáil ar líne nó le clár méadaithe faoin aer mar gheall ar chúrsaí sláinte poiblí.

Coinníodh na sruthanna maoinithe deontas Ealaíon go léir le haghaidh sparánachtaí, dámhachtainí, féilte agus imeachtaí agus tairgeadh tacaíocht dóibh siúd a bhí ag dul i mbun samhla seachadta hibrideacha.

Le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, reáchtáladh clár iomlán sa litríocht, sna hamharcealaíona, sna hEalaíona san Oideachas, sna hEalaíona sa tSláinte, sa Cheol, sa Téatar agus i gcláir shainiúla d'fhoirmeacha ealaíne eile agus bunaíodh comhpháirtíochtaí chun an seachadadh a uasmhéadú.

Chuir Port Láirge Cruthaitheach tús leis an gcúigiú bliain de na Pobail Cruthaitheacha in 2021. Reáchtáladh Glaoch Oscailte Éire

Chruthaitheach i rith mhí an Mhárta agus mhaoinigh sé tionscadail i rith na bliana. Scrúdaigh tionscadail chomhoibríocha lena n-áirítear scannán, amharcealaín, scríbhneoireacht chruthaitheach agus téatar topaicí mar inbhuanaitheacht, aonrú, éagsúlacht agus comhionannas.

Chuir Oifig na nEalaíon isteach ar shruthanna náisiúnta maoinithe nua chun tacú le healaíontóirí, taibheoirí, teicneoirí, agus tionscnóirí imeachtaí agus d'éirigh leo faoin dá Scéim Chláraithe Beo Taibhithe Áitiúla.

Coinníodh na sruthanna maoinithe deontas Ealaíon go léir le haghaidh sparánachtaí, dámhachtainí, féilte agus imeachtaí agus tugadh tacaíocht dóibh siúd a bhí ag dul i mbun samhla seachadta hibrideacha.

Bhí na hIonaid Ealaíon atá á reáchtáil ag an údarás áitiúil dúnta de bharr treoir na sláinte poiblí ar feadh cuid shuntasach den bhliain, ach leanadh den obair chun spás stórála a aithint do Bhailiúchán Ealaíne Phort Láirge. Faoi Scéim Foirne Speisialaithe na Comhairle Ealaíon, earcaíodh Comhordaitheoir Amharcealaíon a bheidh lonnaithe i nGailearaí Ealaíne Phort Láirge go déanach in 2021 chun glacadh leis an bpost in 2022.



# Dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach 2019 -2024

## ✓ **Aidhm #4** **Daoine agus Pobail**

Beidh Port Láirge mar áit a áireofar iad go léir mar rannpháirtithe gníomhacha i gcreat cultúrtha, comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch ár bpobal. Beidh Port Láirge ina áit do phobail athléimneacha. Is í ár gcuid oibre laistigh de phobail uirbeacha agus tuaithe ná nasc a neartú, áiseanna agus cáilíocht na beatha a fheabhsú. Oibreoidimid i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus pobail chun tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh a mbíonn tionchar dearfach acu ar shláinte agus folláine gach duine.

### **Tithíocht:**

In 2021, lean Rannóg Tithíochta na Comhairle lena cuid oibre ag aithint réad-mhaoine folmha agus ag obair le tiarnaí talún ar an Tionscnamh Deisiúcháin agus Léasaithe.

D'ainneoin na dianghlasála, rinne an fhoireann Tithíochta measúnú ar líon mór iarratas ar thithíocht in 2021 agus lean siad ar a bheith ag déileáil le tionóntachtaí Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta. D'eisigh an fhoireann €1.25 milliún i nDeontais

Oiriúnaithe Tithíochta do thionóntaí faoi mhíchumas, cúnamh tithíochta do dhaoine scothaosta, agus deontais cúnaimh soghluaisteachta.

Chuir an Chomhairle 200 foirgneamh nua ar fáil in 2021, agus fuarthas 15 cinn eile trí léasú. In 2021 freisin leanadh leis an gcomhpháirtíocht agus leis an gcur chuige comhoibríoch i leith na heaspa dídine agus na gníomhaireachtaí go léir ag obair le chéile agus ag díriú ar chosc ar an easpa dídine, ar chothú tionóntachta agus ar bhealaí amach tacaíthe do chliant gan dídean. Ag deireadh 2021, bhí 60 duine fásta agus teaghlach amháin i gcoiríocht éigeandála. Fuair Seirbhísí Comhtháite do Dhaoine gan Dídean 3,516 glaoiteoir ag lorg a gcuid seirbhísí in 2021, agus 1,140 cur i láthair gan dídean. Rinneadh 760 measúnú foirmiúil ar easpa dídine.

Tá Cathair & Contae Phort Láirge ar cheann de thrí cheantar a roghnaíodh mar phárlóitach don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil. Is tionscnamh nua rialtais é a thugann le chéile seirbhísí reachtúla, an earnáil dheonach agus phobail, comhairleoirí áitiúla agus baill pobail chun oibriú le chéile chun saincheisteanna sábháilteachta pobail a aithint agus dul i ngleic leo go háitiúil.

Tacaíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le treoirthionscadal Phort Láirge. Tá 30 ball ar an gcoiste comhpháirtíochta agus is ionadaithe ón bpobal iad 51% de na comhaltaí.

### **Seirbhísí do Chustaiméirí / Cumarsáid:**

Lean roinn seirbhísí custaiméara na Comhairle ag obair go cianda le linn na paidéime, agus fuair sí 110,979 glao san iomlán in 2021, mar aon le 111 iarratas Saoráil Faisnéise. In ainneoin an chur isteach leanúnach atá mar thoradh ar an bpaidéim, lean Oifig na Gaeilge de bheith ag tacú le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi reachtaíocht eile agus trí Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Phort Láirge 2018-2021. Ullmhaíodh dréacht-Scéim Teanga nua don tréimhse 2021-2024 agus cuireadh ar aghaidh chuig Roinn na Gaeltachta í le faomhadh i mí na Samhna. Mar chuid d'iarrachtaí feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge, thug roinnt ball foirne faoi ranganna Gaeilge ar líne a chuir Coláiste na Rinne ar fáil i rith na bliana. Roghnaíodh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le déanaí mar Chlár Sár-Rathúlacht i 3D GIS (Córais Faisnéise Geografaí) ag Gradaim Ratha Custaiméirí 2021 de chuid Esri Ireland. Aithníonn an dámhachtain obair na Comhairle

maidir le Léarscáil Náisiúnta na gCrann a thiomsú, a sholáthraíonn bunachar sonraí cuimsitheach uathúil de shuíomh, airde, agus fairsinge ceannbhrait/coróin do gach crann i gcathair agus i gcontae Phort Láirge. Rinne baill den phobal cúig ghearán san iomlán le hOifig an Choimisinéara Teanga maidir le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in 2021. Bhain dhá ghearán le comharthaíocht dhátteangach i nDún Garbhán agus bhain an trí ghearán eile le comhfhreagras Gaeilge a freagraíodh i mBéarla. Déileáladh leis na gearáin seo go léir chun sástacht Oifig an Choimisinéara Teanga. Thacaigh Oifig na Gaeilge freisin le roinnt imeachtaí dátteangacha ar líne le linn 2021 agus chuir siad le féilte ar nós Deireadh Seachtaine Traidisiúnta John Dwyer, agus deireadh seachtaine 'Ar Ais le Chéile' de Winterval.

D'eisigh an Roinn Cumarsáide níos mó ná 125 preasráiteas in 2021 agus dhéileáil sí le fiosrúcháin ó na meáin go laethúil. Ba bhliain rathúil í 2021 freisin maidir le rochtain agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta. Leanann thart ar 26% de chónaitheoirí Phort Láirge leathanaigh na meán sóisialta de chuid Chomhairle Phort Láirge anois, agus tar éis méadú a fháil ar acmhainní le linn 2021, tá an Rannóg Cumarsáide ag leanúint ar aghaidh á bhfeabhsú.

# Dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach 2019 -2024

Tá ár bpríomhláithreán gréasáin, [www.waterfordcouncil.ie](http://www.waterfordcouncil.ie) ag feidhmiú leis. Tháinig méadú 8.5% ar líon na gcúairteoirí in 2021 i gcomparáid le 2020. Ba iad na leathanaigh ba mhó ar tugadh cuairt orthu ar an suíomh Gréasáin ná (1) Fiosrúcháin Pleanála Ar Líne, (2) Cíosanna Roghabhunaithe, (3) Leathanach baile Pleanála, (4) Amharc ar Phleanáil/Tuairim faoi Phleanáil Iarratas agus (5) Folúntais na Comhairle. Ba é an meán-am a caitheadh ar leathanach ná 2 nóiméad agus 9 soicind, agus b'ionann líon iomlán na n-amharc ar na leathanaigh agus 1.9 milliún.

Oibríonn Cartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge ar bhonn leanúnach chun caomhnú agus rochtain ar thaifid agus chartlanna Chomhairle Cathrach agus

Contae Phort Láirge a chinntiú agus chun scéal mhuintir Phort Láirge a dhoiciméadú. Cé go raibh an chartlann dúnta don phobal ar feadh cuid mhór den bhliain 2021, lean an tSeirbhís Cartlainne ag obair leis an Oifigeach Oidhreachta mar chuid de Choiste Deich mBliana na gCuimhneachán chun tionscadail a fhorbairt agus chun tacú le taighde ar Dheich mBliana na gCéad Bliain i bPort Láirge. Eagraíodh cainteanna & imeachtaí ar líne i rith na bliana. D'oibrigh an fhoireann freisin ar thionscadail le go leor grúpaí eile in 2021, mar Leabharlanna Phort Láirge, Imagine Arts Festival agus grúpa Oidhreachta na Trá Móire.

